Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN TEASTAS SÓISEARACH, 2013

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR

# ARDLEIBHÉAL

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN TEASTAS SÓISEARACH, 2013

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR

# ARDLEIBHÉAL

## SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓIREARAIGH, 2013

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

## NÓS IMEACHTA NA MARCÁLA

1. Is é atá i gceist i nós imeachta na marcála

- Na freagraí go léir a léamh agus anailís a dhéanamh orthu.
- Marcanna a bhronnadh ar na comhpháirteanna éagsúla de réir na scéime aontaithe.
- Na marcanna a shuimiú go cúramach agus aird á tabhairt orthu seo:

  (i) an t-uasmharc in aghaidh gach roinne
  (ii) an t-uasmharc in aghaidh gach ceiste

2. **Na comhpháirteanna**

Fíricí

(i) Sonraí atá i bhfoirm pictiúr a aithint;
(ii) Fíricí a lua.

Ráiteas Suntasach Ábhartha (RSÁ)

(i) Fíric, gné nó céim thábhachtach den ábhar;
(ii) Téarma nó coincheap a bhaineann le hábhar sa topaic a mhíniú;
(iii) Tuiscint, tagairt, tuairim nó breithiúnas bailí a bhaineann le hábhar sa topaic;
(iv) A dó nó a trí d'fhíricí a bheith á lua go faichilleach, etc;
(v) Cúis nó toradh atá tábhachtach;
(vi) Léarscáil nó léaráid atá oiriúnach agus a bhaineann le hábhar (b'fhéidir go dtuillfeadh léarscáil nó léaráid níos mó ná aon RSÁ amháin);
(vii) Réamhrá a bhfuil ábhar bailí ann.

3. **An Mharcáil**

(a) Faigheann freagraí:
(i) Marc Carnach (CM);
(ii) Ollmharc (OM).

(b) **An Marc Carnach** (CM)
Tosaigh i dtús an fhreagra agus cuir tic soiléir mar seo (✓) le gach fíric nó RSÁ. Bronn an marc nó na marcanna a aontaíodh sa scéim mharcála as gach aon fhíric nó RSÁ.

(c) **An tOllmharc** (OM)
Agus breithiúnas á thabhairt ar an OM ní mór don scrúdaitheoir caighdeán an fhreagra a chur sa mheá i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

Ní mór an marc iomlán a bronnadh i gcás CM agus don OM a thaispeáint ar leithligh, e.g. 5 + 2 = <7.

(d) Suimigh mar seo na marcanna do gach aon chuid den cheist san imeall ar dheis: taispeáin ceithre mharc mar <4. Ar aghaidh leat ansin agus marcáil an fuílleach. Cuir móriomlán na ceiste, mar shampla (30), san imeall clé in aice le huimhir na ceiste.

(e) Léigh na freagraí go léir, fiú amháin na freagraí breise nó na freagraí a athscríobhadh nó a cuireadh ar ceal. Glactar leis an bhfreagra is airde marcanna fad is atá an freagra sin laistigh de rúibricí an pháipéir scrúdaithe.

**NB: Ciallaíonn 'etc.' sa Scéim Mharcála go bhféadfadh freagraí eile a bheith inghlactha; sna cásanna eile, is é an freagra a thugtar sa Scéim Mharcála nó a leithéid chéanna i bhfocail eile, agus é sin amháin, a thuilleann na marcanna.**

## AN TEASTAS SÓISEARACH – STAIR
## An tArdleibhéal, 2013: Scéim Mharcála

**1. PICTIÚIR (15 mharc)**

(a) Pictiúr A: ***Cartlannaithe ag plé le doiciméid***

(i) Miotóga á gcaitheamh ag na cartlannaithe / An clár oibre glan agus slachtmhar / Doiciméid (Cáipéisí) i dtaisce i mboscaí / Doiciméid á gcosaint istigh i bhfillteáin / Doiciméid curtha os cionn a chéile go néata.
Píosa **AMHÁIN** fianaise — 1 M

(ii) Lámhscríbhinní / Dialanna / Nuachtáin / Taifid ó dhaonáirimh / Leabhair chuntais lucht gnó / Léarscáileanna, grianghraif nó pictiúir, etc.
**DHA** chineál fhoinse phríomha atá bailí — 1 + 1 = 2 M

(iii) Eachtraí a chur in ord de réir an dáta ar ar tharla siad / Amlínte.
'Staidéar ar dhátaí' = 1 M — 2 M

(b) Pictiúr B: ***Diúc Urbino, pátrún i ré na hAthbheochana (an Renaissance)***

(i) (Cosimo) de Medici / (Lorenzo) de Medici / (Ludovico) Sforza / (An Pápa) Julius II / (An Pápa) Leo X, etc.
Pátrún bailí **AMHÁIN** — 1 M

(ii) Peirspictíocht in úsáid / Dathanna saibhre in úsáid / Na mionsonraí go cruthanta, meall ar an gcraiceann mar shampla nó na duail ghruaige / Radharc ar an dúlra sa chúlra, etc.
**DHÁ** ghné bhailí — 1 + 1= 2 M

(iii) Ardchaighdeán ábhair ina chuid éadaí / Pioctha bearrtha agus cíortha cóirithe / Tugann a hata le fios go raibh stádas ar leith aige / Bhí sé in acmhainn a leithéid de phictiúr a choimisiniú / Tá sé in airde os cionn an tírdhreacha, etc.
Blúire **AMHÁIN** fianaise — 2 M

(c) Pictiúr C: ***'Men of the South' le Seán Keating***

(i) Níl an éide chéanna orthu uile / Meascán d'uirlisí troda acu / Ina ngrúpa nádúrtha gan cuma cheart mhíleata orthu, etc.
Blúire **AMHÁIN** fianaise atá bailí — 1 M

(ii) Na Dúchrónaigh / Na h*Auxiliaries* / Ionsaithe díoltais, etc.
**DHÁ** bheart bhailí a rinneadh leis an gceann is fearr a fháil ar an IRA
1 + 1 = 2 M

(iii) Tugadh Saorstát Éireann ar an tír / Bhí an Saorstát mar chuid de Chomhlathas na Breataine / (Bhí) Seanascal Shaorstát Éireann (le bheith mar ionadaí an rí in Éirinn) / (Bhí ar bhaill na Dála agus an tSeanaid) Móid Dílseachta (don Choróin) a thabhairt / 'Calafoirt an Chonartha' (fágtha le leas na Breataine) / Coimisiún na Teorann (chun cinneadh ar an teorainn), etc.
**DHÁ** théarma bhailí den Chonradh — 1 + 1 = 2 M

2. **DOICIMÉID** (15 mharc)

(a) ***Cur síos ar auto-da-fé***

(i) Fiche / Scór. 1 M

(ii) Téarma fada sa phríosún / Bhí orthu caipín buí a chaitheamh / Rinneadh cuid acu a sciúrsáil / Cuireadh chuig na rámhlonga iad.
Aon phionós **AMHÁIN** 1 M

(iii) Rinneadh siad iarracht tabhairt ar na príosúnaithe daortha glacadh le teagasc an Phápa. 1 M

(iv) Tagraíonn sé dá gcrógacht / Tugann sé 'barbarthacht' ar an íde a imríodh ar na príosúnaigh / Luann sé an 'bás gránna' a d'fhulaing siad / Deir sé go raibh 'trua' ag mórán daoine ar a bhí i láthair do na príosúnaigh / Deir sé gur 'daoine a bhí chomh cróga' a bhí iontu / Luann sé leathchéad Giúdach 'nár cuireadh i bpríosún riamh roimhe sin', rud a chiallaíonn go raibh siad umhal don dlí agus gur díol trua iad / Tá meas mór aige ar an gcaoi ar 'Ghlac siad ar fad chomh fonnmhar sin leis an méid a bhí i ndán dóibh'
**DHÁ** bhlúire fianaise 1 + 1 = 2 M

(v) An Spáinn / An Iodáil / An Phortaingéil. ` 1 + 1 = 2 M

(b) ***Óráid Jack Lynch: 'Ní féidir le rialtas na hÉireann seasamh i leataobh níos mó'.***

(i) Tuaisceart Éireann / Doire 1 M

(ii) Bhí fórsaí an tseicteachais agus na claontachta imithe chun cinn air 1 M

(iii) Mar nach bhfuil smacht ag rialtas Stormont ar chúrsaí a thuilleadh / D'fhéadfaí go ngortófaí nó go marófaí daoine neamhurchóideacha / Ní raibh an RUC ina fhórsa neamhchlaon / Ní bheadh trúpaí na Breataine inghlactha / Ní dócha go gcuirfeadh trúpaí na Breataine an tsíocháin i réim arís.
**DHÁ** chúis a luaigh an Loingseach 1 + 1 = 2 M

(iv) Iarann sé orthu iarratas a dhéanamh chuig na Náisiúin Aontaithe chun Fórsa síochána a chur (ann / go Tuaisceart na hÉireann) / Le cinntiú go stopfaidh ionsaithe na bpóilíní ar mhuintir Dhoire láithreach.
**DHÁ** iarraidh a dhéanann an Loingseach ar an mBreatain 1 + 1 = 2 M

(v) Cumann Chearta Sibhialta (Thuaisceart Éireann) / NICRA 2 M

3. **CEISTEANNA GEARRFHREAGRA** (20 marc)

Bronn marcanna as an **deich** bhfreagra is fearr thíos. Is fiú 2 mharc an ceann na ceisteanna, ar a mhéad.

(i) Spád / Lián / Criathar, etc.
**DHÁ** uirlis ar bith a úsáidtear le láithreán a thochailt 1 + 1 = 2 M
Ná glac le 'tochaltóir meicniúil' ach amháin é má luaitear é le baint na barrithreach.

(ii) Carn cúirte nó Cúirt / Dolmain ursanach nó Dolmain nó Ursain / Pasáiste.
**DHÁ** chineál de thuama neoiliteach 1 + 1 = 2 M

(iii) *Ogham*: Cineál scríbhinne / Aibítir / Fleasca comhthreomhara ar cheachtar taobh de líne nó trasna uirthi / Téacs greanta i gcloch
*Fulachta Fiadh*: Ionad cócaireachta / Modh cócaireachta
*Crannóg*: Oileán de dhéantús an daoine / Áit chónaithe ar loch
**DHÁ** théarma mínithe 1 + 1 = 2 M

(iv) Caisleáin / Bailte nua / Sloinnte nua / Pósadh idir Normannaigh agus Gaeil / An córas feodach / Modhanna nua cogaíochta / Deoisí agus paróistí / Thug siad isteach an Béarla agus an Fhraincis, etc.
**DHÁ** thoradh bhailí ar bith 1 + 1 = 2 M

(v) **NB**: 'Feidhm**eanna'** Le caighdeáin a chinntiú / Le gnó a rialú / Le ceardaithe a thástáil / Le haire a thabhairt do cheardaithe a bhí sean nó breoite, etc.
**DHÁ** fheidhm bhailí ar bith 1 + 1 = 2 M

(vi) Le déirc a thabhairt do dhaoine / Le hairgead nó bia a thabhairt do na bochtáin 2 M

(vii) Níos mó leabhar ar fáil / Éagsúlacht níos mó leabhar ar fáil / D'éirigh leabhair níos saoire / Chabhraigh sé le caighdeánú nó le scaipeadh na ngnáththeangacha / Chuir se leis an scoláireacht agus leis an oideachas, etc..
**DHÁ** thoradh bhailí ar fhorbairt an chlóphreasa 1 + 1 = 2 M

(viii) Boccacio (e.g. *The Decameron*) / Cervantes (e.g. *Don Quixote*) / More (e.g. *Utopia) /* Erasmus (e.g. *Praise of Folly*) / Shakespeare (e.g. *Hamlet, King Lear*), etc.
Scríbhneoir **AMHÁIN** ar bith ón Athbheochan.
Ní mór saothar de chuid an scríbhneora sin a bheith luaite.
Saothar gan ainm scríbhneora = 0 **Scríbhneoir = 1M Saothar = 1 M**
1 +1 = 2 M

(ix) **DHÁ** chúis ach iad a bheith bailí sa tír atá roghnaithe.
D'fhéadfadh eachtra a bheith ina chúis bhailí, e.g. glac le *Ár Bhostúin* agus le *Cóisir Tae Bhostúin* mar chúiseanna le Réabhlóid Mheiriceá.
Ba cheart go mbeidh an tír ainmnithe nó intuigthe
**DHÁ** chúis bhailí ar bith 1 + 1 = 2 M

(x) Bhain na hÉireannaigh Aontaithe spreagadh as smaointe na Réabhlóide sa Fhrainc / Chuir an Fhrainc trúpaí go hÉirinn, etc.
Bealach **AMHÁIN** a raibh tionchar ag Réabhlóid na Fraince ar Éirinn 2 M

(xi) Plódú sna tithe / Uisce glan in easnamh / Córais slán séarachais in easnamh / Dálaí oibre a bheith mífholláin nó contúirteach sna monarcha nó sna mianaigh, etc.
Glac le dálaí maireachtála **agus** le dálaí oibre araon.
**DHÁ** fhadhb ar bith ag daoine sna bailte tionsclaíochta i Sasana go luath sa 19ú haois 1 + 1 = 2 M

(xii) Scaradh baill de theaghlaigh óna chéile i dteach na mbocht / Ba bheag seans go dtiocfaidís slán as mar gheall ar na galair a bhí forleathan iontu / Dá mbeadh níos mó ná ceathrú acra talún acu, bheadh orthu é a thabhairt suas, etc.
Cúis bhailí **AMHÁIN** 2 M

(xiii) Cliseadh na scairphraghsanna (ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac).
Iarmhairtí amháin, e.g. Cúlú eacnamaíochta, cliseadh gnólachtaí, bainc ag dúnadh, dífhostaíocht throm, etc. = 1 M 2 M

(xiv) Cuireadh ar bun an Garda Síochána / An tArm / Cúirteanna Dlí / Cuireadh an Cheannairc san arm faoi chois / Achtanna um Shlándáil Phoiblí / An tAcht Toghcháin (Leasú) / An tAcht Deocha Meisciúla / Cuireadh daoine chun báis.
**DHÁ** ghníomh chun dlí agus ord a bhunú 1 + 1 = 2 M

(xv) (Benito) Mussolini. 2 M

(xvi) Ionsaithe (ag Naitsithe) ar shionagóga / Scriosadh gnólachtaí na nGiúdach / Dúnmharaíodh roinnt Giúdach.
'Ionsaithe ar Ghiúdaigh' = 1 M 2 M

(xvii) Cuireadh iallach ar fheirmeoirí barra a chur (ar sciar áirithe dá gcuid talún) 2 M

(xviii) *An Cuirtín Iarainn*: Téarma a chuireann síos ar leathadh an chumannachais in oirthear na hEorpa tar éis an Dara Chogaidh Dhomhanda / An líne a dheighil APSS agus a chomhghuaillithe ó thíortha iarthar na hEorpa.
*Conradh na Róimhe*: Conradh a chuir ar bun an CEE / Socrú ag tíortha (6 thír) ag ceadú saorghluaiseacht eatarthu do dhaoine, earraí agus seirbhísí.
*Impiriúlachas*: Impireachtaí á gcur le chéile / Stáit na hEorpa ag glacadh seilbh ar chríocha móra den domhan.
Téarma **AMHÁIN** mínithe 2 M

(xix) Bheadh an Ghearmáin le roinnt ina cheithre chuid tar éis an chogaidh / Bheadh cead ag tíortha a shaorfaí ó smacht na Gearmáine a rialtas féin a thoghadh / Go nglacfadh APSS páirt sa chogadh in aghaidh na Seapáine trí mhí i ndiaidh bhriseadh na Gearmáine, etc.
Cinneadh bailí **AMHÁIN** 2 M

(xx) Eoin O'Duffy / WT Cosgrave / Richard Mulcahy / James Dillon / Liam Cosgrave / Garret FitzGerald / John Bruton / Alan Dukes / Michael Noonan / Enda Kenny
**BEIRT** cheannairí ar Fhine Gael 1 + 1 = 2 M

**4. PEARSANRA SA STAIR (40 marc)**

Freagair ceann **AMHÁIN** as A agus ceann **AMHÁIN** as B.

Bronn marcanna de réir chóras na RSÁ (*Ráiteas Suntasach Ábhartha*).

Gach RSÁ = 2 Mharc [D'fhéadfaí 1 M a bhronnadh as RSÁ neamhiomlán – ach ***ag deireadh an fhreagra amháin***]

**Uasmhéid CM = 2 M × 8 = 16 M** **Uasmhéid OM = 4 M**

Marcáil OM mar seo:
**An-mhaith = 4** **Go maith = 3** **Go measartha = 2** **Lag = 1**

Bronn 4 OM má tá an freagra an-mhaith. Níor ghá go mbeadh sé thar barr ar fad.
Bronn 1 OM as an topaic a aithint i gceart.

Mura dtugtar léargas an duine a roghnaíodh, ná bronn níos mó ná 1 OM. Ach ní chiallaíonn sé sin go gcaithfidh an freagra a bheith scríofa sa chéad phearsa.

**Rannóg A**

Déanann iarrthóirí A (i) nó A (ii) nó A (iii) -

A (i) **Manach i mainistir in Éirinn i dtús Ré na Críostaíochta.**

Ná bronn marcanna as ábhar a bhaineann go hiomlán le mainistreacha na Meánaoise. Má ainmnítear i gceart ceann de na mainistreacha, mar shampla:
*Is manach mise i nGleann Dá Loch* = 1 RSÁ
AGUS
*Bhí mainistreacha luath-Éireannacha ann i gCluain Mhic Nóis, i gCeanannas na Mí agus i Sceilg Mhichíl chomh maith* = 1 RSÁ
Urnaí pobail = 1 RSÁ ar a mhéad
Cloigthithe (Túir chruinne) = 2 RSÁ ar a mhéad;
Teach screaptra = 2 RSÁ ar a mhéad
Dhá ghné den mhainistir ach gan iad a bheith mínithe = 1 RSÁ

A (ii) **Tiarna nó bantiarna i gcaisleán meánaoiseach.**

Gné den chaisleán ainmnithe + cur síos / feidhm = 1 RSÁ
Liosta lom de ghnéithe an chaisleáin gan aon chur síos / mhíniú ar an bhfeidhm: 2 ghné = 1 RSÁ
A shaol sula ndearnadh tiarna de = 1 RSÁ ar a mhéad
Uirlisí troda + Míniúcháin = 1 RSÁ ar a mhéad
Freagraí a bhaineann leis an gcaisleán amháin = 10 + 1 ar a mhéad

A (iii) **Leasaitheoir creidimh, a <u>ainmníonn</u> tú, in aimsir an Reifirméisin.**

Ba chóir go mbeadh leasaitheoir ar leith (e.g. Luther, Calvin, Henry VIII) luaite go díreach nó go hindíreach, ach ní bhronntar marc as ainm an leasaitheora.

Mura luaitear ainm an leasaitheora nó mura mbíonn sé ceart, ach fós má bhaineann an freagra le leasaitheoir ar leith, bronn OM = 3 ar a mhéad.

I gcás Luther, glac le gach ábhar chomh fada lena oirniú, agus an t-oirniú san áireamh, mar 'chúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

I gcás Calvin, glac le gach ábhar chomh fada lena iompú ar theagasc Luther, agus an t-iompú san áireamh, mar 'chúlra', 1 RSÁ ar a mhéad.

'Míchleachtais', luaite nó mínithe = 1 RSÁ ar a mhéad.

Pointe creidimh mínithe = 1 RSÁ.

Pointe creidimh nasctha leis an teagasc cuí Caitliceach = 1 RSÁ.

2 phointe creidimh / teagaisc luaite go lom = 1 RSÁ.

Pointí creidimh / teagaisc = 3 RSÁ ar a mhéad.

**Rannóg B**

Déanann iarrthóirí B (i), nó B (ii) nó B (iii) -

B (i) **Ceannaire <u>ainmnithe</u> ar aistear farraige le linn Ré na Taiscéalaíochta.**

Ba chóir go mbeidh ainm an mhairnéalaigh (e.g. da Gama, Columbus, Magellan) luaite nó intuigthe, ach ní bhronntar marc ar bith as an ainm a bheith ann.

Mura luaitear ainm an mhairnéalaigh, nó má bhíonn sé mícheart, ach fós má bhaineann an t-ábhar le mairnéalach ar leith, bronn OM = 3 ar a mhéad.

Glac le hábhar faoi Cortez chomh fada le loscadh na long; glac le hábhar faoi bhriseadh na nAstacach mar 'iarmhairtí' i.e. 2 RSÁ ar a mhéad.

Mura luaitear an mairnéalach nó mura mbíonn sé intuigthe as an gcuntas [i.e. mura mbíonn ann ach scéal na n-aistear go ginearálta), bronn OM = 1 ar a mhéad.

Trealamh loingseoireachta = 1 RSÁ ar a mhéad.

Iarmhairtí, agus aistir níos deireanaí san áireamh = 2 RSÁ ar a mhéad.

**NB**: 'ceannaire ar aistear farraige'; ní bhaineann an cheist le saol ná le gníomhréim an duine.

B (ii) **Oibrí feirme le linn na Réabhlóide Talmhaíochta.**

Tabhair a luach d'fhíricí a bhaineann leis an Réabhlóid Talmhaíochta.

Ábhar a bhaineann le feirmeoireacht roimh an Réabhlóid Talmhaíochta
= 1 RSÁ ar a mhéad.

Ábhar a bhaineann leis an saol tar éis an fheirm a fhágáil agus aghaidh a thabhairt ar an mbaile mór = 1 RSÁ ar a mhéad.

B (iii) **Tuairisceoir nuachta ag cur síos ar ghéarchéim sa Chogadh Fuar.**

I ngach cás, iarmhairtí = 1 RSÁ ar a mhéad.

Imshuí Bheirlín: Glac le gach ábhar chomh fada le deighilt Bheirlín ina cheithre chuid i 1945, agus an deighilt féin san áireamh, mar 'chúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

Cogadh na Cóiré: Glac le gach ábhar chomh fada le deighilt na Cóiré i 1945, agus an deighilt féin san áireamh, mar 'chúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

Géarchéim Diúracán Chúba: Glac le gach ábhar chomh fada leis an ionradh ar Chuan na Muc i 1961, agus an t-ionradh féin san áireamh, mar 'chúlra', i.e.
1 RSÁ ar a mhéad.

**NÓ**

**Staraí ag cur síos ar phríomhimeachtaí na gluaiseachta i dtreo aontas na hEorpa, 1945-1992.**

Glac le gach ábhar roimh 1945 mar 'chúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

Glac le gach ábhar i ndiaidh 1992 mar 1 RSÁ ar a mhéad.

**NÓ**

**Duine a thacaíonn le gluaiseacht neamhspleáchais i dtír <u>ainmnithe</u> Afracach nó Áiseach tar éis 1945.**

Glac le gach ábhar roimh 1945, agus an bhliain sin féin san áireamh, mar 'chúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

NB: Bhain an chuid ba mhó de ghníomhréim Ghandi leis na blianta roimh 1945, mar sin 1 RSÁ ar a mhéad.

**5. PLANDÁLACHA IN ÉIRINN (30 marc)**

**A. Foinse D**

A (i) Achar thart ar BÁC faoi riail dhíreach Shasana / Achar thart ar BÁC ina raibh dlíthe agus nósanna Shasana i bhfeidhm.
Limistéar tíre = 1 M; 'Achar faoi riail dhíreach Shasana' / 'Achar ina raibh dlíthe agus nósanna Shasana i bhfeidhm' = 1 M 2 M

A (ii) Uíbh Fháilí & Laois: Máire (Túdar) **NÓ** Cúige Mumhan: Eilís (I) **NÓ** Cúige Uladh: Séamas (I)
Ba cheart an phlandáil a bheith ar an bplandáil a rinne an rialtóir **ainmnithe.**
Mura dtugtar ach ainm rialtóra gan aon phlandáil a bheith luaite leis/léi = 0.
2 M

A (iii) Le deireadh a chur le hionsaithe ar an bPáil / Le hÉirinn a choinneáil faoi smacht / Le saighdiúirí nó searbhóntaí na corónach a chúiteamh / Leis an bProtastúnachas a scaipeadh / San chaoi nach mbainfí leas as Éirinn mar bhunáit le hionsaí a dhéanamh ar Shasana.
**DHÁ** chúis bhailí le polasaí plandála na Sasanach 2 + 2 = 4 M

**B. Na Foinsí E agus F**

B (i) Teach cloiche (1 M) le cúirt láidir nó bábhún timpeall air (1 M). 1 + 1 = 2 M

B (ii) Clós le ballaí timpeall air. 2 M
'Imfhálú' = 1 M

B (iii) Chun na plandálaithe a chosaint ar ionsaithe ó na hÉireannaigh dhúchasacha.
'Cosaint ar ionsaithe' = 1 M 2 M

**C.** Ní mór do na freagraí plé le **tionchar** na plandála **ainmnith**e agus ceithre phointe ar a mhéad a bheith ann i ngach cás.
Glac le torthaí gearrthréimhseacha agus le torthaí fadtréimhseacha.
D'fhéadfadh sé gur le linn phróiseas na plandála féin a airíodh an tionchar, rud a chiallaíonn nach gá do na freagraí cloí go hiomlán le nithe a tharla ina dhiaidh sin.
Mura luann an t-iarrthóir ainm na plandála go díreach nó go hindíreach, ná bronn níos mó ná 4 M as aon chuid a fhreagraítear.

(a) Ní féidir glacadh le 'Éire faoi smacht ag Cinsealacht Phrotastúnach nua' ach mar thoradh ar Plandáil Chromail amháin.
(b) Ní féidir glacadh le 'Tabhairt isteach na bPéindlíthe' ach mar thoradh ar Phlandáil Chromail amháin.

**I gcás Phlandáil Uladh, glac le hábhar ar an tionchar a bhí acu seo thíos ach iad a bheith luaite [agus forbartha] go soiléir = 2 M ar a mhéad:**

(a) Bhí Taoisigh na nGael, a bhíodh i gceannas ar Chúige Uladh, imithe [Imeacht na nIarlaí] agus daoine de bhunadh Shasana nó na hAlban tagtha ina n-áit. Bhí siad sin ag rialú Chúige Uladh ar son na corónach / Tá coimhlint na linne seo i dTuaisceart Éireann ina chuid d'oidhreacht na Plandála / I gcomparáid leis na plandálacha roimhe sin, cuireadh i bhfeidhm i bhfad níos déine na coinníollacha faoinar ghlac na plandálaithe seilbh ar an talamh, rud a d'fhág gur fhan an talamh faoi smacht i gcónaí ag daoine a bhí dílis don choróin / Ceapadh breithiúna agus giúistísí le dlíthe Shasana a chur i bhfeidhm / Bronnadh cairteanna ar bhailte a thug cead do lucht an bhaile rialacháin éagsúla a chur i bhfeidhm ar mhuintir na háite agus ar chuairteoirí araon, etc.

(b) Tháinig an Protastúnachas isteach i gCúige Uladh mar gur Anglacánaigh an chuid ba mhó de na plandálaithe Sasanacha agus gur Phreispitéirigh an chuid ba mhó de plandálaithe na hAlban / Bhí teannas ann idir na dúchasaigh agus na plandálaithe Protastúnacha i ngeall ar na difríochtaí creidimh / Tá seicteachas na linne seo mar oidhreacht air sin / Cé gur thóg na plandálaithe eaglaisí nua, ghlac siad seilbh freisin ar eaglaisí Caitliceacha chomh maith / Cuireadh talamh ar leataobh sa phlandáil le haghaidh Scoileanna Ríoga a thógáil áit le hoideachas a chur ar pháistí Protastúnacha, etc.

(c) Tháinig an Béarla isteach in áit na Gaeilge sa chuid ba mhó den achar a plandáladh / Tháinig dlí coiteann Shasana isteach in áit an Fhéineachais (seanchóras dlí na nGael) i gCúige Uladh / Bhí modhanna nua feirmeoireachta ag na plandálaithe agus chuaigh siad le curadóireacht in áit a bheith ag tógáil beithíoch mar ab fhearr leis na Gaeil / Bhí scileanna teicstílí ag cuid de na plandálaithe Albanacha agus d'éirigh go maith le tionscal na dteicstílí i gCúige Uladh anuas na blianta ina dhiaidh sin / Tógadh bailte nua i gCúige Uladh agus cosúlacht na mbailte Sasanacha orthu / Bronnadh cairteanna ar bhailte a thug cead dóibh margaí agus aontaí a reáchtáil, etc.

**Lean na prionsabail chéanna agus tú ag marcáil freagraí ar na plandálacha eile: Plandáil Laois-Uíbh Fháilí, Plandáil na Mumhan, Plandáil Chromail.**

**DHÁ** chuntas atá i gceist $8 \times 2 = 16$ M

**6 A SIBHIALTACHT ÁRSA – LASMUIGH d'ÉIRINN (30 marc)**

(i) Ainm rialtóra nó ceannaire ar shibhialtacht **ainmnithe.** 2 M

(ii) **DHÁ** fhoinse phríomha bhailí trínar thángthas ar eolas faoin tsibhialtacht seo.

'Foirgnimh' = 0 M; Sampla(í) d'fhoirgnimh = 2 M
'Scríbhinní' = 0 M; Sampla(í) = 2 M
'Boinn' = 2 M; 'Earraí cré' = 2 M
I gcás na Róimhe, 'Pompeii' = 2 M 2 + 2 = 4 M

(iii) **DHÁ** phríomhéacht bhailí de chuid na sibhialtachta seo. 2 + 2 = 4 M

(iv) Marcáil an freagra de réir phrionsabail na RSÁ:
**[CM = 8M ar a mhéad OM = 2 M ar a mhéad]**
**OM**: 2 M = maith / an-mhaith ; 1 M = measartha / lag; 0 marc = an-lag.

(b) I ngeall ar an gceist a bheith ar 'nósanna adhlactha', ná glac le hainmneacha Déithe, teampall, etc..

(c) Glac le ról an athar agus na máthar; béilí; oideachas; searbhóntaí agus sclábhaithe; cleachtais chreidimh sa bhaile; siamsaíocht agus fóillíocht sa bhaile.

Éadaí / Cóiriú = 1 RSÁ ar a mhéad.
Oideachas = 1 RSÁ ar a mhéad.
I gcás na Róimhe, is fiú 1 RSÁ ábhar ar 'circus maximus, colasaem, folcadáin'.

**DHÁ** chuntas atá i gceist (8 + 2) × 2 = 20 M

**6 B ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN NA 20ú hAOISE (30 marc)**

(i)

| | | |
|---|---|---|
| 1. aire | 4. toirmeasc | |
| 2. vótála | 5.Chothromaíocht | |
| 3. Stádas | 6.Uachtarán | 1 × 6 = 6 M |

(ii) Teacht éasca ar eolas / Is féidir smaointe agus teachtaireachtaí a scaipeadh go tapa / Is féidir le daoine fanacht i dteagmháil tríd an ríomhphost / Na meáin shóisialta, e.g. FaceBook, Twitter, etc. / Is féidir gnó a dhéanamh leis an mbanc gan a bheith i láthair ann, etc..
Glac le hiarmhairtí diúltacha (e.g. cibearbhulaíocht) chomh maith le hiarmhairtí dearfacha.

**DHÁ** iarmhairt atá ceart go stairiúil a bhain leis an idirlín 2 + 2 = 4 M

(iii) Marcáil an freagra de réir phrionsabail na RSÁ:
**[CM = 8M ar a mhéad OM = 2 M ar a mhéad]**
**OM**: 2 M = maith / an-mhaith ; 1 M = measartha / lag; 0 marc = an-lag.

**Ná bronn marcanna ach ar ábhar a bhaineann le hathruithe bailí sóisialta agus atá luaite go soiléir.**

NB: Iarrtar ar na hiarrthóirí **'scríobh faoi athruithe'**. Níl sé sách maith samplaí a thabhairt i bhfoirm téarma ná focal amháin.

(a) Tá mótarbhealaí tógtha (ag nascadh na bpríomhchathracha) / Tá dolaí le híoc ar chuid de na bóithre nua / Tá seachród thart ar neart bailte agus sráidbhailte anois / Tá carr anois ag an gcuid mó de na teaghlaigh / Tá brú tráchta anois ina fhadhb mhór sna cathracha / Tá aerfoirt nua tógtha / Níos éasca taisteal thar lear, a bhuíochas sin ar eitiltí saoire, etc.
Liosta lom d'fheabhsuithe bóithre, e.g. 'timpealláin, uasbhealaí, dolaí, mótarbhealaí' = 1 RSÁ.
Liosta lom de hathruithe a bhaineann le córas iompair ar leith, e.g. 'Ryanair, aerfoirt réigiúnacha, eitiltí saora' = 1 RSÁ.
Trealamh inmheánach sa charr, e.g. 'Satnav, Bluetooth, etc.' = 1 RSÁ ar a mhéad.

(b) Tógadh bungalónna in áit a lán tithe feirme / Uisce reatha anois sna tithe uilig / Gach deis is nua i ngach cistin / Teas lárnach anois sa chuid is mó de na tithe / Leictreachas anois sna tithe faoin tuath / Bloic árasán tógtha sna cathracha agus i bhformhór na mbailte / Eastáit tithíochta ar bhruach an chuid is mó de na bailte, etc.

(c) An lá oibre níos giorra agus na laethanta saoire níos faide, rud a fhágann go bhfuil níos mó am saor ag daoine / Fágann pá níos airde go mbíonn daoine in acmhainn níos mó a chaitheamh ar chúrsaí fóillíochta / Fágann eitiltí saora go mbíonn sé níos éasca dul ar saoire thar lear / Thosaigh RTÉ ag craoladh i 1961 / Thug an teilifís léargas ar an domhan mór do mhuintir na hÉireann / Titim mhór ar an lucht féachana sna pictiúrlanna i ngeall ar fhístéipeanna agus DVDanna / Níos mó daoine ag dul le himeachtaí spóirt mar mhaithe le fanacht aclaí, etc.
Glac le 'spórt agus fóillíocht' mar choincheap amháin. (8 + 2) × 2 = 20 M

**6 C FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE (30 marc)**

(i) Labhair siad in aghaidh an Rialtais Dúchais in Westminster / D'áitigh siad ar Theach na dTiarnaí an 3ú Bille um Rialtas Dúchais a chur ar athlá / Shínigh siad Cúnant Sollúnta Uladh / Bhunaigh siad an UVF nó liostáil siad ann nó thacaigh siad leis / Thug siad gunnaí i dtír i Latharna / Ghairm siad a lucht tacaíochta chun troda sa Chéad Chogadh Domhanda / D'eagraigh siad slógaí agus léirsithe / Bhain siad leas as cártaí poist agus as póstaeir / An Cheannairc sa Churrach.
**DHÁ** bhealach inar chuir na hAontachtaithe in aghaidh an Rialtais Dúchais.
2 + 2 = 4 M

(ii) **DHÁ** ráiteas bhailí maidir leis an mbaint a bhí ag gach duine de **TRIÚR** roghnaithe le hÉirí Amach na Cásca.
Tá níos mó i gceist le 'Baint leis an Éirí Amach' ná imeachtaí na seachtaine amháin, e.g. glac le 'Bhunaigh Séamas Ó Conghaile Arm Cathartha na hÉireann'.
(1 + 1) + (1 + 1) + (1 + 1) = 6 M

(iii) Marcáil an freagra de réir phrionsabail na RSÁ:
**[CM = 8M ar a mhéad OM = 2 M ar a mhéad]**
**OM**: 2 M = maith / an-mhaith ; 1 M = measartha / lag; 0 marc = an-lag.

(a) Ná glac le cúiseanna an Chogaidh Chathartha mar 'chúlra' ach mar chuid lárnach den topaic.
Iarmhairtí an Chogaidh Chathartha = 1 RSÁ ar a mhéad.

(b) Téarma amháin nó níos mó as Comhaontú Angla-Éireannach 1938, luaite go soiléir = 1 RSÁ ar a mhéad.

(c) Ábhar beathaisnéise faoi Noel Browne nach mbaineann le Scéim na Máthar agus an Linbh = 1 RSÁ ar a mhéad.

**DHÁ** chuntas atá i gceist (8 + 2) × 2 = 20 M

**6 D AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN 20ú hAOIS (30 marc)**

(i) Téarma sa Chonradh a chuir iallach ar an nGearmáin freagracht a ghlacadh as an gCéad Cogadh Domhanda. 2 M

(ii) *Oíche na Sceana Fada*: Marú baill thábhachtacha den SA ag Hitler / Scriosadh an SA / Marú na gcéadta díobh siúd a bhí in aghaidh Hitler.
*An tAcht Údaraithe*: Dlí a cheadaigh do Hitler rialú gan pharlaimint / Cheadaigh sé do Hitler rialú trí fhoraithne / Cheadaigh sé do Hitler rialú mar dheachtóir.
*An SS*: An garda cosanta pearsanta a bhí ag Hitler / Iad siúd a reáchtáil na campaí géibhinn / Rannóg uachtarach in arm na Gearmáine / Rannán slándála / An *Gestapo /* Na Póilíní Rúnda.
*Dlíthe Nuremberg*: Dlíthe chiníocha frith-Ghiúdacha / Cosc ar phóstaí idir Gearmánaigh agus Giúdaigh / Cosc ar Ghiúdaigh a bheith ina saoránaigh de chuid na Gearmáine / Cuireadh iallach ar Ghiúdaigh Réalta Dháiví (siombail a bhféiniúlachta) a chaitheamh.

**DHÁ** théarma mínithe 2 + 2 =4 M

(iii) Eagla orthu roimh chogadh eile / Eagla roimh an gCumannachas / Mheas siad go raibh Conradh Versailles ródhian / Costas ard na hath-armála / Easpa ullmhúcháin mhíleata / Tíortha gan a bheith sásta feidhmiú as a stuaim féin.

**DHÁ** chúis le géilleadh is síth 2 + 2 =4 M

(iv) Marcáil an freagra de réir phrionsabail na RSÁ:
**[CM = 8M ar a mhéad OM = 2 M ar a mhéad]**
**OM**: 2 M = maith / an-mhaith ; 1 M = measartha / lag; 0 marc = an-lag.
I ngach cás, iarmhairtí = 1 RSÁ ar a mhéad.

(a) Glac leis na heachtraí ag Dunkerque agus roimhe sin mar chúlra, i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.
Thosaigh Hitler ar bhuamáil na gcathracha Briotanacha = 1 RSÁ ar a mhéad.
Ach sonraí maidir leis an *Blitz* = 0 M.

(b) Glac le sonraí faoin gcogadh go dtí an Meitheamh 1941 mar chúlra, i.e. 1 RSÁ ar a mhéad, ach glac leis na cúiseanna a bhí ag Hitler le hionradh na Rúise, agus na hullmhúcháin lena aghaidh, mar chuid lárnach den topaic.
Glac le gach ábhar a bhaineann le feachtas na Gearmáine sa Rúis; tá sé bailí.

(c) Glac le sonraí faoin gcogadh chomh fada le Meitheamh 6, 1944 mar chúlra, i.e. 1 RSÁ ar a mhéad, ach is cuid lárnach den topaic na hullmhúcháin don teacht i dtír san Normainn.
Gach ábhar i ndiaidh dóibh bogadh soir ón Normainn = 1 RSÁ ar a mhéad.

**DHÁ** chuntas atá i gceist (8 + 2) × 2 = 20 M